



Eisiúint Meán an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide

Eisíonn an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide Tuarascáil Ráithiúil Earnáil na Cumarsáide Leictreonaí do R3 2022

D'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide inniu a Thuarascáil Ráithiúil ar Príomhshonraí mhargadh na Cumarsáide Leictreonaí don tréimhse (1 Iúil go 30 Meán Fómhair), R3 2022.

Mhéadaigh línte seasta rannpháirtithe leathanbhanda go 1.60 milliún, méadú 0.3% an ráithe seo agus méadú 2.2% i gcomparáid le R3 2021. Astu seo, bhí beagnach 466k ina línte rannpháirtithe snáithín go dtí an t-áitreabh (FTTP) arb ionann é agus 28.9% de na línte seasta leathanbhanda iomlána i R3 2022, méadú ó 21.8% i R3 2021.

De réir OSCE, bhí ráta dul i bhfeidhm leathanbhanda teaghlaigh na hÉireann (lena n-áirítear leathanbhanda seasta agus soghluaiste) ag 93% in 2021, rud atá níos airde ná meán an AE de 90%.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid gnáth-rannpháirtí leathanbhanda seasta cónaithe 368.5 GB de shonraí, méadú 11.8% ó R3 2021.

I R3 2022, cheannaigh thart ar 55% de na rannpháirtithe línte leathanbhanda le luasanna cothrom le nó níos mó ná 100Mbps, agus bhí 27.9% de na línte seasta leathanbhanda rannpháirtithe le luasanna leathanbhanda ceannaithe cothrom le nó níos mó ná 500Mbps.

Tháinig laghdú 3.0% ar nóiméid thráichta gutha iomlán an ráithe seo, 9.0% níos ísle ná i R3 2021. Is ionann nóiméid shoghluaiste agus tromlach na nóiméid ghutha ag 88.8%, agus is ionann na nóiméid sheasta agus an 11.2% eile. Tháinig laghdú 2.5% ar nóiméid ghutha shoghluaiste an ráithe seo, agus tháinig laghdú 7.1% ar nóiméad ghutha sheasta.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid gnáth-rannpháirtí guth soghluaiste 188 nóiméad (laghdú bliantúil 12.4%), sheol sé 37 téacs (laghdú bliantúil 18%) agus d'úsáid sé 14.4GB de shonraí (+15.7% de mhéadú bliantúil).

Mhéadaigh na síntiúis mhóibíleacha iomlána (lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste agus meaisín-go-meaisín (M2M)) go 8.6 milliún i R3 2022 - tiomáinte ag ardú ar shuibscríbhinní iarphá arb ionann é agus 70% de na suibscríbhinní móibíleacha go léir anois. Chuidigh méaduithe ar shuibscríbhinní M2M & MBB freisin. Bhí 796k san iomlán de rannpháirtithe 5G i R3.

Mhéadaigh síntiúis M2M go 2.65 milliún, méadú bliantúil 33.5% agus b'ionann é sin agus 30.8% de na suibscríbhinní móibíleacha go léir i R3 2022.

Tá an Tuarascáil Ráithiúil ar na Príomhshonraí do R3 2022 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide www.comreg.ie/publications. Tá an tairseach sonraí ina bhfuil an tacar iomlán sonraí agus na cairteacha gaolmhara ar fáil ar <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/>

CRÍOCH

Arna n-eisiúint ag

**Tom Butler
Bainisteoir Gnóthaí Poiblí, ComReg**

Fón: 01 8049639

Soghluaiste: 087 2536358

tom.butler@comreg.ie